



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2018
(OR. en)

**Comhad Idirinstiúideach:
2018/0206 (COD)**

9573/18
ADD 2

FSTR 27
SOC 354
SAN 174
CADREFIN 56
IA 155
CODEC 912

TOGRA

ó:	Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	30 Bealtaine 2018
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2018) 382 final - IARSCRÍBHINN 1 go hIARSCRÍBHINN 3
Ábhar:	IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+)

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2018) 382 final -
IARSCRÍBHINN 1 go hIARSCRÍBHINN 3.

Faoi iamh: COM(2018) 382 final - IARSCRÍBHINN 1 go hIARSCRÍBHINN 3



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.5.2018
COM(2018) 382 final

ANNEXES 1 to 3

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann leis an togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+)

{SEC(2018) 273 final} - {SWD(2018) 289 final}

IARSCRÍBHINN I¹

Comhtháscairí do thacaíocht ghinearálta ón tsraith de CSE+ atá faoi bhainistíocht chomhroinnte

Tá gach sonra pearsanta le miondealú de réir inscne (fireann, baineann, ‘neamh-dénártha’). Má tá torthaí áirithe ann nach bhfuil intugtha, ní gá sonraí ina leith a bhailiú agus a thuairisciú.

(1) Comhtháscairí aschuir a bhaineann le hoibríochtaí arb iad daoine a sprioc:

(1a) Comhtháscairí aschuir maidir le rannpháirtithe

- Ag seo na comhtháscairí aschuir do rannpháirtithe:
- daoine dífhostaithe, lena n-áirítear daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach*,
- daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach*,
- daoine neamhghníomhacha*,
- daoine fostaithe, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe*,
- daoine faoi bhun 30 bliain d'aois*,
- daoine os cionn 54 bliana d'aois*,
- daoine ag a bhfuil oideachas meánscoile íochtaraí nó níos lú ná sin (ISCED 0-2)*,
- daoine a bhfuil oideachas meánscoile uachtaraí (ISCED 3) nó oideachas iar-mheánscoile (ISCED 4) acu*,
- daoine a bhfuil oideachas treasach (ISCED 5 nó 8) acu*.

Tá an líon iomlán rannpháirtithe le ríomh go huathoibríoch ar bhonn na gcomhtháscairí aschuir a bhaineann le stádas fostaíochta.

(1b) Comhtháscairí aschuir eile

Más rud é nach ó chlár sonraí a bhailítear sonraí na dtáscairí seo, is féidir luachanna na dtáirgí a ríomh ar bhonn meastacháin feasacha ón tairbhí.

- rannpháirtithe faoi mhíchumas**,
- náisiúnaigh tríú tíortha*,
- rannpháirtithe de chúlra eachtrach*,
- mionlaigh (lena n-áirítear pobal imeallaithe amhail na Romaigh),

¹ Na sonraí a thuairiscítear faoi na táscairí a bhfuil * in aice leo, is sonraí pearsanta iad de réir Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2016/679. Na sonraí a thuairiscítear faoi na táscairí a bhfuil ** in aice leo, is catagóir speisialta sonraí iad de réir Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2016/679.

- daoine atá gan dídean nó daoine a ndéanann eisiamh tithíochta difear dóibh*,
- rannpháirtithe ó cheantair thuaithe*.

(2) Ag seo na comhtháscairí aschuir d'eintitis:

- an líon riarachán poiblí nó seirbhísí poiblí ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil, a bhfuil tacaíocht á fáil acu,
- an líon micreaghnóthas, gnóthas beag agus meánmhéide (lena n-áirítear frontair chomhair agus frontair shóisialta) a bhfuil tacaíocht á fáil acu.

(3) Ag seo na comhtháscairí toraidh láithreacha do rannpháirtithe:

- rannpháirtithe atá ag lorg poist i ndiaidh na rannpháirtíochta*,
- rannpháirtithe in oideachas/oiliúint i ndiaidh na rannpháirtíochta*,
- rannpháirtithe a ghnóthaigh cáilíocht i ndiaidh na rannpháirtíochta,
- rannpháirtithe i bhfostaíocht, lena n-áirítear féinfhostaíocht, i ndiaidh na rannpháirtíochta*.

(4) Comhtháscairí toraidh fadtéarmacha do rannpháirtithe:

- rannpháirtithe féinfhostaithe, lena n-áirítear féinfhostaíocht, sé mhí tar éis na rannpháirtíochta,
- rannpháirtithe arbh fhearr a staid sa mhargadh saothair sé mhí tar éis na rannpháirtíochta*.

Tá sé ina íoscheangal na sonraí sin a bhailiú ar bhonn sampla ionadaíoch de na rannpháirtithe laistigh de gach cuspóir sonrach. Tá bailíocht inmheánach an tsampla le háirithiú i gcaoi go bhféadfar na sonraí a ghinearálú ar leibhéal an chuspóra shonraigh.

IARSCRIBHINN II

Comhtháscairí don tacaíocht ó CSE+ chun dul i ngleic le díth ábhartha

(1) Táscairí aschuir

(a) Luach airgid iomlán an bhia agus na n-earraí arna ndáileadh.

(i) luach iomlán na tacaíochta bia;

(ia) luach airgid iomlán an bhia do pháistí;

(ib) luach airgid iomlán an bhia do dhaoine gan dídean;

(ic) luach airgid iomlán an bhia do spriocghrúpaí eile.

(ii) luach iomlán na n-earraí arna ndáileadh:

(iia) luach airgid iomlán na n-earraí do pháistí;

(iib) luach airgid iomlán na n-earraí do dhaoine gan dídean;

(iic) luach airgid iomlán na n-earraí do spriocghrúpaí eile.

(b) Luach iomlán na tacaíochta bia arna dáileadh (tonnaí).

Den mhéid sin²:

(a) an sciar den bhia nár íocadh ach a iompar, a dháileadh agus a stóráil leis an gclár (in %);

(b) an sciar den méid iomlán bia arna dháileadh ag na tairbhithé ar táirgí bia iad a cómhaoiníodh le CSE+ (in %).

(3) Comhtháscairí toraidh³

An líon faighteoirí deiridh atá ag fáil tacaíocht bia

- An líon páistí faoi bhun 18 mbliana d'aois

- An líon daoine óg atá idir 18 agus 29 mbliana d'aois;

- An líon faighteoirí deiridh os cionn 54 bliana d'aois,

- An líon faighteoirí deiridh faoi mhíchumas,

² Is ar bhonn an mheastacháin fheasaigh ó na tairbhithé a ríomhfar luachanna na dtáscairí sin.

³ Ibid.

- An líon náisiúnach tríú tír;
- An líon faighteoirí deiridh de chúlra eachtrach, agus mionlaigh (lena n-áirítear pobail imeallaithe amhail na Romaigh),
- An líon faighteoirí deiridh atá gan dídean nó a ndéanann eisiamh tithíochta difear dóibh

An líon faighteoirí deiridh atá ag fáil tacaíocht ábhartha

- An líon páistí faoi bhun 18 mbliana d'aois
- An líon daoine óg atá idir 18 agus 29 mbliana d'aois
- An líon faighteoirí deiridh os cionn 54 bliana d'aois
- An líon faighteoirí deiridh faoi mhíchumas
- An líon náisiúnach tríú tír
- An líon faighteoirí deiridh de chúlra eachtrach, agus mionlaigh (lena n-áirítear pobail imeallaithe amhail na Romaigh)
- An líon faighteoirí deiridh atá gan dídean nó a ndéanann eisiamh tithíochta difear dóibh

IARSCRÍBHINN III

Táscairí don tsraith Sláinte

An leibhéal d’obair chomhtháite i réimse na sláinte agus úsáid thorthaí an chláir i mbeartais sláinte náisiúnta

1. An líon othar a bhfuil Líonraí Tagartha Eorpacha ag tacú leo
2. An líon measúnuithe cliniúla comhphárteacha a bhaineann le teicneolaíochtaí sláinte
3. An líon dea-chleachtas arna n-aistriú
4. An méid úsáide a bhaintear as torthaí an chláir i mbeartais náisiúnta sláinte, arna thomhas le suirbhé den saghas “roimhe agus ina dhiaidh”